



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland



An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA

**RIACHTANAIS IONTRÁLA DO CHÚRSAÍ OIDEACHAIS
MAR MHÚINTEOIR BUNSCOILE 2020**

COMÓRTAS DO MHC LÉINN LÁNFHÁSTA

DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

**ENTRY REQUIREMENTS FOR INITIAL TEACHER
EDUCATION COURSES FOR PRIMARY TEACHERS
2020**

MATURE STUDENTS' COMPETITION

1. Iarratas ar iontráil ar Chlár Baitsiléara Oideachais mar iarrthóir lánfhásta

Cúrsa ceithre bliana lánaimseartha chun Céim Bhaitsiléara Oideachais (B.Ed.) do mhúinteoirí bunskoile a bhaint amach arna bronnadh ag na hInstitiúidí Ardoideachais (IAO) seo a leanas:

- Institiúid Oideachais Marino, Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath 9
- Coláiste Mhuire gan Smál, An Cuarbhóthar Theas, Luimneach
- Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Campas Choláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9
- Roinn Froebel don Bhunoideachas agus d'Oideachas na Luath-Óige, Ollscoil Mhá Nuad, Má Nuad, Contae Chill Dara

(Tá sonraí teagmhála do na hInstitiúidí Ardoideachais leagtha amach ag *Aguisín 1*)

Déantar iarratais tríd an Lár-Oifig Iontrála faoin 1 Feabhra 2020. Ní mór go mbeadh 23 bliain d'aois ar a laghad slánaithe ag iarratasóirí lánfhásta faoin 1 Eanáir sa bhliain iontrála (1 Eanáir 2020 i gcomhair iontrála i bhfómhar na bliana 2020).

Féadfar daoine a chríochnaíonn an cúrsa seo go rathúil a chlárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Bhealach 1: Bunskoil. Nasc chuig an Suíomh Gréasáin:
<https://www.teachingcouncil.ie>.

2. Íosriachtanais Acadúla 2020 – Scrúdú na hArdteistiméireachta

(a) Na híosghráid a bhfuil gá leo in ábhair riachtanacha

Ábhar	Gaeilge	Matamaitic	Béarla
Íosghrád ¹	H4	H7 nó O4	H7 nó O4
% Marc	60% < 70%	30% < 40% nó 60% < 70%	30% < 40% nó 60% < 70%

H – Ardleibhéal

O – Gnáthleibhéal

¹ Féach Aguisín 3 do na gráid choibhéiseacha sna scéimeanna marcála roimh 2017

(b) Na gráid ghinearálta a bhfuil gá leo san Ardteistiméireacht.

I gcomhthráth leis na híosghráid riachtanacha sa Ghaeilge, sa Bhéarla agus sa Mhatamaitic a shásamh, caithfidh mic léinn na gráid seo a leanas a bheith gnóthaithe acu ina gcuid torthaí i gcoitinne.

- Grád H5 (50% < 60%) ar pháipéar Ardleibhéil i dtrí ábhar ar a laghad
- Grád O6 (40% < 50% Gnáthleibhéal) nó H7 (30% < 40% Ardleibhéal) i dtrí ábhar eile i gcomhréir le Rialacha agus Clár do Mheánscoileanna.

Tá na gráid agus % marcanna i scéim grádaithe 1992-2016 agus i scéim grádaithe nua 2017 leagtha amach in Aguisín 3

Teaglaím torthaí ó Scrúduithe Ardteistiméireachta éagsúla

Féadfaidh iarratasóirí torthaí a fuarthas i Scrúdú na hArdteistiméireachta i mblianta éagsúla a chur le chéile chun na riachtanais acadúla a shásamh.

Malairtí ar cháilíocht dara leibhéal sa Ghaeilge, sa Bhéarla nó sa Mhatamaitic a bhfuil glacadh leo

Glacfar le Pas i Scrúdú Ollscoile Chéadbhliain na nEalaíon sa Ghaeilge, sa Bhéarla nó sa Mhatamaitic in ionad an riachtanais Ardteistiméireachta/GCE/GCSE don ábhar ar leith sin.

Malairtí ar cháilíocht dara leibhéal sa Ghaeilge, a bhfuil glacadh leo

- Grád C sa Scrúdú Máithreánach (a bhí ann suas go dtí 1992)
- Diplóma sa Ghaeilge, Leibhéal C1, OÉ Gaillimh
- Diplóma sa Ghaeilge, Leibhéal B2, OÉ Gaillimh
- Diplóma sa Ghaeilge, Ollscoil Mhá Nuad
- Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG) ar Leibhéal B2, Ollscoil Mhá Nuad
- Diplóma sna hEalaíona (Gaeilge Fheidhmeach), Coláiste na hOllscoile Corcaigh
- Diplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
- Diplóma sa Ghaeilge (An Ghaeilge sa Saol Comhaimseartha), Ollscoil Luimnigh
- Diplóma sa Ghaeilge ó Ollscoil Uladh

Malairtí ar cháilíocht dara leibhéal sa Mhatamaitic, a bhfuil glacadh leo

- Grád pas sa Mhatamaitic sa Scrúdú Máithreánach (a bhí ann suas go dtí 1992)
- Grád tuillteanais (65-79%) nó grád pas le gradam (80-100%) a baineadh amach i gcúrsa Matamaitice QQI Leibhéal 5 (5N 1833).

Tá na híosriachtanais acadúla i Scrúduithe an **GC(S)E agus an GCE** Leibhéal A agus Leibhéal AS leagtha amach in Aguisín 2.

3. An Próiseas Roghnúcháin

Nuair atá na híosriachtanais acadúla sásaithe ag iarratasóirí, déantar an roghnúchán ar bhonn Agallamh Ginearálta iomaíoch agus Béaltriall Ghaeilge iomaíoch. Seolfaidh an Lár-Oifig Iontrála ríomhphost chuig iarratasóirí incháilithe agus nasc ann chuig an bhfoirm iarratais fhorlíontach agus treoracha maidir le céimeanna eile ar gá iad a ghlacadh. Cuirfidh an Lár-Oifig Iontrála iarratasóirí a bhfuil sé curtha in iúl acu go bhfuil siad ag déanamh na hArdeistiméireachta/GC(S)E in 2020 san áireamh mar iarratasóirí atá ‘incháilithe ar bhonn sealadach’ ar an mbonn nach mbeidh na fíorthorthaí a bhain siad amach san Ardeistiméireacht ar eolas go dtí mí Lúnasa.

Is é an spriocdháta chun an fhoirm iarratais fhorlíontach agus í comhlánaithe agus na ceangaltáin a ghabhann léi a chur ar ais chuig an Institiúid/na hInstitiúidí ná **5.15 p.m. ar an gCéadaoin, 1 Aibreán 2020.**

Grádófar torthaí na dtástálacha seo agus leithdháilfear pointí mar seo a leanas:

Agallamh	Iomlán na Marcanna atá ar Fáil 100 Marc	Pasmharc 40 Marc
Béaltriall Ghaeilge	Iomlán na Marcanna atá ar Fáil 40 Marc	Pasmharc 16 Mharc

Níl iarratasóirí ar theip orthu san Agallamh Ginearálta dhá uair roimhe sin incháilithe don chomórtas. Féadfar cuid den Agallamh Ginearálta a reáchtáil trí Ghaeilge.

Tá eolas faoin Agallamh Ginearálta agus faoin mBéaltrial Ghaeilge ar fáil ó na hInstitiúidí Ardoideachais.

Cuirfear as an áireamh sa chomórtas iarratasóirí a fhaigheann grád “teip” san Agallamh Ginearálta nó sa Bhéaltrial Ghaeilge. Cuirtear na h-iarratasóirí eile in ord fiúntais a shocraítear de réir thoradh an Agallaimh Ghinearálta agus na Béaltrialach Gaeilge le chéile.

Tá dhá liosta ar leith oird fiúntais ann - liosta coiteann amháin d’Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Roinn Froebel don Bhunoideachas agus don Oideachas Luath-Óige, Ollscoil Mhá Nuad agus Institiúid Oideachais Marino agus liosta ar leith do Choláiste Mhuire gan Smál, Luimneach.

Áit a bhfaigheann beirt iarratasóirí nó níos mó an líon céanna pointí, cinnfear a n-ionaid ar an ord fiúntais trí roghnú randamach.

Líonfaidh gach aon Institiúid a cuid ionad trí thagairt don liosta cúí den ord fiúntais agus déanfar tairiscintí tríd an Lár-Oifig Iontrála agus an gnáthphróiseas leithdháilte á úsáid, ag dul síos trí roghanna an iarratasóra chun an rogha is airde a aimsiú a bhfuil an t-iarratasóir i dteideal tairiscint a fháil ina leith, más ann di sin.

Déanfar tairiscintí tríd an Lár-Oifig Iontrála do roinnt iarratasóirí ardfhiúntais go luath i mí Iúil (Babhta A). Féadfar tairiscintí a dhéanamh do na hiarratasóirí eile, iad siúd atá ag fanacht ar thorthaí scrúduithe 2020 san áireamh, tríd an Lár-Oifig Iontrála i lár mhí Lúnasa (Babhta 1). Más gá, féadfar tairiscintí a dhéanamh i mbabhtaí eile ina dhiaidh sin. Tabhair do d’aire go mbeidh tairiscint ar bith faoi réir íosriachtanais iontrála a bheith sásaithe. Beidh tairiscint a bheidh á déanamh ag ceann de na hInstitiúidí atá liostaithe thuas faoi réir an choinníll nach mbeidh tairiscint níos airde faighte ag an iarratasóir ó Institiúid Ardoideachais tríd an Lár-Oifig Iontrála i leith cúrsa eile.

Éilítear ar iarratasóirí ar éirigh leo agus a ghlac le háiteanna dul isteach sna hInstitiúidí Ardoideachais san fhómhar (tá na dátaí féin ar fáil ó na hInstitiúidí ar leith). I dtosca speisialta, féadfar an dáta iontrála a chur siar ar feadh tréimhse theoranta, faoi rogha údaráis na nInstitiúidí Ardoideachais.

4. Eolas breise

Inniúlacht sa Ghaeilge:

1. Cúrsa Gaeltachta – Freastal agus Costas: Caithfidh gach mac léinn ar chúrsa oideachas tosaigh múinteoirí (OTM) freastal ar chúrsaí cónaitheacha (2 x 2 chúrsa coicíse) sa Ghaeltacht. Ba chóir a thabhairt faoi deara gur cuid *éigeantach* den chúrsa é seo. Beidh an deontas Gaeltachta do mhic léinn atá ar chlár Oideachais Tosaigh Múinteoirí atá á maoiniú ag an Stát á thabhairt ar ais le héifeacht ón mbliain acadúil 2020/21.

2. Béaltriall Ghaeilge: Ina theannta sin, ba chóir d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara go gcuirfear béaltriall Ghaeilge ar mhic léinn ag deireadh na chéad bhliana dá gcuid oideachais tosaigh múinteoirí, agus nach mór dóibh pas a fháil sa triail sin chun dul ar aghaidh chuig an dara bliain den chúrsa. Féadfar, faoi rogha na hInstitiúide Ardoideachais, cead a thabhairt do mhic léinn a dteipeann orthu sa bhéaltriall Ghaeilge sin an triail a dhéanamh arís.

3. Deontais Mac Léinn:

Is é SUSI (Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn) údarás aonair náisiúnta bronnta na hÉireann i dtaobh na ndeontas uile ardoideachais agus breisoideachais. Moltar do mhic léinn iarratas deontais ar líne agus é comhlánaithe go hiomlán a chur faoi bhráid SUSI ionas gur féidir a n-incháilitheacht maidir le cúnamh deontais a mheas. Táthar ag súil go n-osclóidh Scéim 2020/21 i gcomhair iarratas i mí Aibreáin 2020. Tá tuilleadh eolais maidir leis an Scéim Deontais do Mhic Léinn ar fáil ar shuíomh gréasáin SUSI ag www.susi.ie.

4. Feidhmiúlacht chun Cleachtadh:

1. Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána: Sula bhféadfaidh Institiúid Ardoideachais clárúchán mic léinn a chur i gcrích; éilíonn an Institiúid Ardoideachais ar gach mac léinn nua atá ag gabháil d'oideachas múinteoirí dul faoi phróiseas grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána d'fhonn a fháil amach an bhfuil aon chiontú acu nó cúiseamh coiriúil ar feitheamh. I gcás go ndearbhaíonn an próiseas sin go bhfuil a leithéid ann, cuirtear an cheist faoi bhráid Coiste Grinnfhiosrúcháin laistigh den Institiúid a chinneann an féidir leis an mac léinn leanúint dá c(h)lár staidéir.

2. *Riachtanais Leighis*: Éilíonn roinnt Institiúidí Ardoideachais ar gach mac léinn oideachais múinteoirí atá ag teacht isteach foirm eolais leighis a chomhlánú, ina léirítear cé acu an bhfuil nó nach bhfuil aon tinnis nó míchumais shuntasacha leanúnacha ag cur as dóibh a d'fhéadfadh cur as dá n-inniúlacht maidir le riachtanais an chúrsa a shásamh, lena n-áirítear Socrúchán Scoile. Déanfar iontrálaithe a fhógraíonn riochtaí suntasacha sláinte, míchumais nó riochtaí síceolaíochta a mheas ar bhonn aonair chun a mheas an mbeadh an cumas acu, le socruithe réasúnta, éilimh an chláir a ghlacadh orthu féin. Ní dhéanfar daoine aonair a eisiamh toisc go bhfuil riocht nó míchumas ar leith acu má mheastar gur dócha go mbeadh sé indéanta ag an duine sin riachtanais an chúrsa a shásamh le socrú (socruithe) réasúnta. Cuirfidh na hInstitiúidí Ardoideachais comhairle ar mhic léinn maidir leis an nós imeachta atá le leanúint ina leith seo.

5. Institiúid Oideachais Marino - Baitsiléir Oideachais trí Mheán na Gaeilge (Múinteoireacht Bhunscoile)

Is cúrsa nua 4-bliana in oideachas tosaigh múinteoirí trí mheán na Gaeilge é an Baitsiléir Oideachais trí Mheán na Gaeilge (Múinteoireacht Bhunscoile) ag Institiúid Oideachais Marino a thosaigh i mí Mheán Fómhair 2019. Tá an cúrsa seo mar chuid d'fheidhmiú an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022.

Fáiltítear roimh iarratais ó mhic léinn lánfhásta don chlár thuas (cóid chúrsa na Lár-Oifige Iontrála: CM003/CM004). I measc na n-íosriachtanas don chúrsa seo tá H3 i nGaeilge na hArdteistiméireachta. Mar aon leis an híosriachtanais iontrála, caithfidh iarratasóirí 50% nó níos mó a ghnóthú sa scrúdú Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG) Leibhéal B1. Ba chóir d'iarrthóirí nach bhfuil sé déanta cheana féin acu cur isteach ar an scrúdú sin faoin 20 Márta 2020 (www.teg.ie/oid).

Chomh maith leis sin, beidh ar iarratasóirí Foirm Eolais Fhorlíontach do Mhac Léinn Lánfhásta a chomhlánú agus í a chur ar ais go díreach chuig an Oifig Iontrála, Institiúid Oideachais Marino, Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath 9 faoi 5.00pm ar an Aoine 17 Aibreán 2020. Beidh ar iarrthóirí incháilithe tabhairt faoi agallamh ginearálta agus faoi Bhéaltriall Ghaeilge agus roghnófar iad ar bhonn iomaíoch. Tá sonraí iomlána maidir leis an gcúrsa sin ar fáil ar líne ag www.mie.ie/oid.

Aguisín 1

Institiúidí Ardoideachais – Sonraí Teagmhála

Institiúid Oideachais Marino

Ascaill Uí Ghríofa

Baile Átha Cliath 9

Teileafón: (01) 805 7742

Ríomhphost: admissions@mie.ie

Suíomh gréasáin: www.mie.ie

Roinn Froebel don Bhunoideachas agus don Oideachas Luath-Óige

Ollscoil Má Nuad

Má Nuad, Contae Chill Dara

Teileafón: (01) 708 3822

Ríomhphost: admissions@mu.ie

Suíomh gréasáin: www.maynoothuniversity.ie

Coláiste Mhuire gan Smál

An Cuarbhóthar Theas

Luimneach

Teileafón: (061) 204 300

Ríomhphost: admissions@mic.ul.ie

Suíomh gréasáin: www.mic.ul.ie

Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Campas Choláiste Phádraig, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Droim Conrach

Baile Átha Cliath 9

Teileafón: (01) 8842212

Ríomhphost: ioe@dcu.ie

Suíomh gréasáin: www.dcu.ie

Aguisín 2

Íosriachtanais Acadúla i Scrúduithe an GC(S)E agus an GCE Leibhéal AS agus Leibhéal A d'iontráil ar an gCúrsa Céime don Bhaitsiléir Oideachais

Ginearálta

- Ní mór sé ábhar a chur i láthair, trí cinn acu ar a laghad ar an GCE Leibhéal A agus na hábhair eile ar leibhéal GCE AS nó GC(S)E. Ní mór Gaeilge, Béarla agus Matamaitic a bheith san áireamh sna sé ábhar.
- Ní fhéadfar ábhar a chomhaireamh ach amháin ó cheann de na scrúdaithe, GC(S)E, GCE Leibhéal AS nó GCE Leibhéal A.
- Ní ghlacfar ach le hábhair a rinneadh in aon iarracht amháin de scrúdú ar leith, GC(S)E, GCE Leibhéal AS nó GCE Leibhéal A. Meastar gur cuid den iarracht chéanna iad scrúduithe a dhéantar sa bhliain acadúil chéanna.

Riachtanais shainiúla sa Ghaeilge, sa Bhéarla agus sa Mhatamaitic.

- Grád C ar GCE Leibhéal A i dtrí cinn d'ábhair ar a laghad, an Ghaeilge san áireamh
- Grád C ar Leibhéal GC(S)E sa Bhéarla agus i Litríocht an Bhéarla, nó Grád B ar Leibhéal GC(S)E i gceachtar acu sin
- Grád D ar Leibhéal GC(S)E sa Mhatamaitic Bhreise nó Grád C ar Leibhéal GC(S)E sa Mhatamaitic
- Grád C in ábhar amháin eile ar leibhéal GC(S)E

Ní mór d'iarratasóirí riachtanais mháithreánaigh na hOllscoile lena bhfuil an Institiúid Ardoideachais cleamhnaithe a shásamh.

Aguisín 3

Scéimeanna Grádaithe na hArdteistiméireachta (Scéim 1992-2016 agus Scéim Nua 2017)

Scéim 1992 – 2016	% a Bronnadh	An Scéim Nua ó 2017 ar aghaidh	% a Bronnadh
A1	90-100	H1 / O1	90-100
A2	85<90	H2 / O2	80<90
B1	80<85		
B2	75<80	H3 / O3	70<80
B3	70<75		
C1	65<70	H4 / O4	60<70
C2	60<65		
C3	55<60	H5 / O5	50<60
D1	50<55		
D2	45<50	H6 / O6	40<50
D3	40<45		
E	25<40	H7/O7	30<40
F	10<25	H8/O8	0<30